IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN CHOMHAIRLE

CINNEADH ÓN GCOMHAIRLE

an 29 Márta 2022

lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tSeicia, don Fhrainc agus don tSualainn

(2022/C 143/02)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir Rialtais na mBallstát faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhithín Chinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá ainmniúcháin bhreise tíolactha ag rialtais na Seice, na Fraince agus na Sualainne i dtaca le roinnt post atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar, leis seo, na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025:

I. IONADAITHE RIALTAIS

Ballstát	Comhaltaí	Comhaltaí malartacha
An Fhrainc	Anne AUDIC	Nicolas BESSOT Lucie MEDIAVILLA
An tSualainn	Anne-Sofie DALENG	Viktoria BERGSTRÖM Magnus FALK

([1]) IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 92, 25.2.2022, lch. 1).

II. IONADAITHE CEARDCHUMAINN

Ballstát	Comhaltaí	Comhaltaí malartacha
An tSeicia	Jiří VAŇÁSEK	Radka SOKOLOVÁ
An Fhrainc	Abderrafik ZAIGOUCHE	Edwina LAMOUREUX Jean-Paul ZERBIB
An tSualainn	Cyrene WAERN	Karin FRISTEDT Ulrika HAGSTRÖM

III. IONADAITHE FOSTÓIRÍ

Ballstát	Comhaltaí	Comhaltaí malartacha
An tSeicia	Miroslav HORKÝ	Martin RÖHRICH Martina KROUPOVÁ
An Fhrainc	Franck GAMBELLI	Nathalie BUET Patrick LEVY
An tSualainn	Cecilia ANDERSSON	Malin NILSSON Tommy LARSSON

Airteagal 2

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Márta 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. TAQUET